**Fógra I Dtaobh Scéime Chun Rátaí A Laghdú Maidir Le Maoin Fholamh A Mheá, Comhairle Contae Chorcaí.**

Déantar foráil shonrach in alt 9 den Acht um Rátaí Rialtais Áitiúil agus Nithe Eile 2019 go bhféadfaidh comhaltaí tofa údaráis áitiúil scéim a dhéanamh lena bhforáiltear do laghdú rátaí i leith maoine folmha, agus go gceadófar scéim den sórt sin ag cruinniú buiséid an t-údarás áitiúil, maidir leis an mbliain airgeadais áitiúil lena mbainfidh an scéim sin

Breathnóidh Comhairle Contae Chorcaí ar scéim a fhorálann do laghdú rátaí i leith maoine folmha, a bheidh i bhfeidhm sa bhliain airgeadais áitiúil 2025.

Fáiltíonn Comhairle Contae Chorcaí roimh aighneachtaí scríofa ón bpobal ar an ábhar seo a chlúdóidh go sonrach na héifeachtaí féideartha a bheadh ag scéim a dhéanann soláthar do laghdú rátaí i leith maoine folmha ar ghnóthais, ar dhaoine aonair agus ar sheirbhísí údaráis áitiúil.

Ní mór aighneachtaí a bheith faighte faoin 04 Deireadh Fómhair 2024 agus iad a sheoladh chuig: Aighneachtaí a Laghdú ar Rátaí, An Rannóg Bailiúcháin Rátaí, Urlár 6, Halla an Chontae, Corcaigh. T12 R2NC

Nó seol ríomhphost chuig: vacancysubmissions@corkcoco.ie

**Sínithe** _______________

Moira Murrell
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Chorcaí
Halla an Chontae
Corcaigh

Dátaithe 18 Meán Fómhair 2024